Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Meitheamh 2022**
**(OR. fr)**

**9794/22**

**FIN 599**
**INST 209**
**PE-L 24**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coiste um an mBuiséad |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 9658/22 |
| Ábhar: | Aistriú leithreasuithe Uimh. DEC 14/2022 laistigh de Roinn III – an Coimisiún – den bhuiséad ginearálta do 2022 |

1. An 1 Meitheamh 2022, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle an togra i leith aistriú leithreasuithe Uimh. DEC 14/2022, i gcomhréir le hAirteagal 31(1) den Rialachán Airgeadais[1].

   Is é is cuspóir don togra seo EUR 105 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a aistriú ó Airteagal 30 04 01 (*An Cúlchiste um Dhlúthpháirtíocht agus Cabhair Éigeandála*) chuig Airteagal 14 03 01 (*Cabhair Dhaonnúil*) agus EUR 100 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus EUR 39 milliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí ó mhír 14 02 01 11 (*Comharsanacht an Oirthir*), mar a leagtar amach in 9658/22.

---

1 Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

2. Is é is aidhm don aistriú sin EUR 205 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus EUR 144 milliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a chur leis an gcabhair dhaonnúil chun tacú leis na milliúin daoine atá thíos le hiarmhairtí fhogha míleata na Rúise faoin Úcráin sna réimsí seo a leanas: bia agus táirgí neamhbhia, cúnamh airgid, uisce agus sláintíocht, sláinte, cosaint lena n-áirítear cosaint leanaí, cosaint in aghaidh an fhoréigin in aghaidh na mban agus cosaint sláinte gnéis agus atáirgthe, agus oideachas i gcásanna éigeandála.

I bhfianaise na n-imthosca práinneacha, beidh feidhm ag an tréimhse trí seachtaine le haghaidh formheasa, i gcomhréir le hAirteagal 31(4) den Rialachán Airgeadais.

3. Scrúdaigh an Coiste um an mBuiséad an togra seo le haghaidh aistriú ag an gcruinniú a bhí aige an 3 Meitheamh 2022.

4. Tar éis an scrúdaithe sin, chomhaontaigh an Coiste um an mBuiséad, trí thromlach cáilithe, a mholadh go molfadh Coiste na mBuanionadaithe don Chomhairle an méid seo a leanas a fhormheas:

- an togra i leith aistriú leithreasuithe atá beartaithe, mar a leagtar amach in 9658/22 é; agus

- an dréachtlitir a leagtar amach san IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an nóta seo.

**IARSCRÍBHINN**

DRÉACHTLITIR

ó : Uachtarán na Comhairle

chuig: Uachtarán Pharlaimint na hEorpa

cóip : Uachtarán an Choimisiúin

A Uachtaráin Uasail,

I gcomhréir le hAirteagal 31, míreanna 4 agus 6, den Rialachán Airgeadais an 18 Iúil 2018[1], cuirim in iúl duit leis seo gur cheadaigh an Chomhairle aistriú leithreasuithe Uimh. DEC 14/2022 laistigh de Roinn III - an Coimisiún - den bhuiséad ginearálta do 2022.

(Mise le meas).

---

[1] Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).